

Polasaí Tinrimh.
Gaelscoil Bhaile Brigín

Teideal

Polasaí Straitéise Tinrimh

Ráiteas Tosaigh

Cuireadh dréacht den pholasaí seo le chéile ar ár Lá Pleanála 16/3/09. Chuathas i gcomhairle le tuismitheoirí trí Choiste na dTuistí agus ansin pléadh agus daingníodh é ag leibhéal an bhoird. Rinneadh aithbhreithniú ar an bpolasaí seo i Mean Fomhair 2013 i gcomhairle leis an bhfoireann, mBord agus le Coiste na dTuistí.

Rinneadh athbhreithniú air arís i Deireadh Fomhair 2016 i gcomhairle leis an bhfoireann, leis an mBord agus le Coiste na dTuistí

Réasúnaíocht

Is gá polasaí straitéise tinrimh a chur le chéile ag an am seo mar

- gur réimse tosaíochta é a d'aithin an fhoireann
- go bhfuil sé in am an ráiteas reatha a chur i scríbhinn
- gur ceanglas é faoin Acht Oideachais (Leas) 2000

Gaol le héiteas sainiúil na scoile

Teastaíonn uainn, tríd an polasaí seo luachanna fadsaoil a chothú sna daltaí maidir le tábhacht an oideachais agus tinreamh ar scoil. Le cur i bhfeidhm éifeachtach an pholasaí seo, táthar ag súil le go n-eireoidh le daltaí a poitéinseal a bhaint amach tríd freastal rialta a bheith acu ar scoil. Táthar ag súil leis go n-eireoidh linn cur chuige uilescoile a chothú do mhúinteoirí i dtaobh plé le neamhfheastal agus go gcothódh sé tuiscint agus comhoibriú le tuismitheoirí maidir le nósanna imeachta i dtaobh freastal ar scoil.

Aidhmeanna

Tá i gceist ag an scoil na rudaí seo a leanas a bhaint amach go hidéalach le cur i bhfeidhm an ráitis seo.

- Spéis san fhoghlaim a chothú
- Feasacht ar an tábhacht a bhaineann le tinreamh scoile a ardú.
- Na daltaí a bhfuil baol ann go bhfágfaidís scoil luath a aithint.
- Dearcaí dearfacha a chothú i leith na foghlama
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, luachanna saothair agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach a spreagann daltaí le freastal ar an scoil
- Ceanglais faoin Acht Oideachais (Leas) 2000/Treoirínte ón TUSLA a chomhlíonadh

Treoirlínte (ábhar an ráitis)

Sainmhíniú ar Neamhfhreastal

- An sainmhíniú atá againn ar neamhfhreastal ná gan a bheith i láthair scoile. *(bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoir cur ina luí ar leanbh idir aoiseanna 6 agus 16 freastal ar “scoil náisiúnta nó scoil oiriúnach eile” ar gach lá a bhfuil an scoil sin ar oscailt agus ranganna ar siúl ann)*
- Coimeádaímid cúntas ar neamhfhreastal sa Rolla agus ar an mbunachar eolais. Rachaidh nóta sa Nuachtlitir abhaile ag rá go gcaithfeadh litir a a chur isteach ag miniú gach asláithreachta *(Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas maidir leis an gcleachtas, de réir an achta bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí linbh nach bhfuil i láthair, an príomhoide a chur ar an eolas maidir le cúis an neamhláithreachais sin tráth nach déanaí ná an tríd lá den neamhláithreachas. Ní mór nótaí nó cúntas a choimeád den neamhláithreachas agus na dátaí orthu) Cuirfidh an TUSLA ar an eolas faoi ábhair áirithe a bhaineann le neamhláithreachas (i.e. daltaí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó, nó príomhoide atá inmíoch faoi thinreamh linbh)*
- Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas maidir le neamhfhreastal daltaí agus na tionchair a bhíonn aige ar fhoghlaím na leanaí ag cruinniú ag tús na bliana (seo cruinniú a reachtálfar do thuistí nua i Mean Fomhair chun córas na scoile srl a mhíniú), ag cruinnithe tuistí agus tríd an nuachtlitir
- De réir an Achta Oideachais (Leas), bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoir an scoil a chur ar an eolas nuair a bhíonn leanbh as láthair ar feadh cuid den lá scoile, lá scoile, nó níos mó ná lá scoile. I gcás go bhfuil dalta ag fágáil na scoile luath is gá siniú a dhéanamh i leabhar san oifig sula dtógann siad iad. Tá sé seo ar mhaithe le taifead soiléir a bheith ann cá bhfuil gach dalta.
-

Seo a leanas stráitéisí na scoil chun tinreamh a chothú:

- I gcás daltaí a thagann déanach ar scoil, beidh orthu siniú isteach san oifig sa leabhar poncúlachta.
- I gcás daoine a thagann déanach ar bhonn rialta – labhróidh an múinteoir leis na tuistí chun an tionchar seo a chur ina iúl orthú (msh ag cailliúint amach ar fhoghlaím na leitheidreachta/cailliúint amach ar thacaíocht foghlama srl). Má leanann an nós seo ar aghaidh, glaofar na tuismitheoirí chun cruinnithe leis an bPríomhoide.
- Breathnaíonn muid ar fanacht ar scoil go dtí deireadh an lae mar chuid lárnach de dheachleachtas tinrimh. Má tá ar pháiste a bheith bailithe luath ón scoil, is gá é/í a shiniú amach ag an oifig agus ansin cárta glas a thabhairt don mhúinteoir ranga sula gceadófar don pháiste fágáil. Déanfar monatóireacht orthu siud a bhailítear luath ar bhonn rialta.
- Idirghabháil luath: Direoidh muid isteach ar mháithreacha/aithreacha nua chun iad a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta a bhaineann le tinreamh agus tábhacht an tinrimh tríd an cruinniú eolais a bheidh ann ag tús na bliana ó 2009 ar aghaidh.
- Luachanna saothair: Beidh teastas le bronnadh orthu siud nach gcailleann aon lá ag deireadh na bliana. Tabharfar aitheantas chomh maith doibh siud a fheabhsaíonn a gcuid tinrimh.
- Tuariscítear chuig tuismitheoirí ar líon na laethanta scoile a chaill leanbh sna tuairiscí ag deireadh bliana (gach duine) /sna cruinnithe tuismitheora/múinteora (i gcás go bhfuil deacracht ann)
- Tuismitheoirí: *Cuirfidh an scoil tuismitheoirí ar an eolas faoi na ceanglais a bhíonn ar scoileanna agus ar thuismitheoirí faoin Acht Oideachais (Leas) – féach bileog do thuismitheoir TUSLA 2004 – Don't Let Your Child Miss Out). Tabharfar amach an bhileog seo ag an gcruinniú eolais ag tús na bliana agus déanfar tagairt dó ó am go ham le linn na bliana.*

- **Asláithreachtaí:**

- Is gá do thuistí an scoil a chur ar an eolas maidir le cúis asláithreachta a pháiste, i bhfoirm scríbhinn nó trí ghlaoh a chur ar an scoil. Beidh bileoga ag an múinteoir ina leabhar rolla. Muna gcuirtear miniú na hasláithreachta isteach chun na scoile, cuirfear seo abhaile le deis a thabhairt do thuistí seo a mhiniú. Muna dtagann sé ar ais líonta ansin, cuirfear isteach é mar “gan chúis”
- Tar éis 10 lá, cuirfear nóta beag abhaile le rá go bhfuil 10 lá cailte.. (ba choir don mhúinteoir ranga é a chur in iúl don phríomhoide go bhfuil sé seo tarlaithe). Déanfar amhlaidh arís tar éis 15 lá déag.
- Tar éis 15 lá d’asláithreachtaí, gan chúis, labhróidh an príomhoide leis an tuismitheoir le cur in iúl. Déanfar é seo faoi dhiscreíd an mhúinteoir ranga (ie má tá meascán de laethanta gan chúis/le cúis srl)
- Coinneofar cóip dena na litreacha seo i bhfillteán an pháiste.
- Tar éis 20 lá, rachaidh litir ón bpríomhoide ag rá go bhfuil tuairisciú déanta chuig TUSLA, faoi cheanglas an Achta. (cóip den litir seo le cur i gcomhad an pháiste agus sa fillteán tinrimh san oifig)
- Tar éis 25 lá beidh cruinniú leis an bpríomhoide, ag an gcruinniú seo, cuirfear in iúl dóibh muna dtagann feabhas go mbeidh muid ag dul i dteagbháil leis an oibrí soisialta /EWO, de réir mar is cuí.– Cuirfear síos, ag an gcruinniú seo ar an tionchar an chaillteanais atá déanta acu
- Beidh taifead coinnithe de gach rud, idir caint neamhfhoirmeáilte leis an tuismitheoir go dtí na nótaí.
- Cuirfear in iúl do thuistí a gcuid dualgais reathúla ar bhonn rialta tríd an nuachtltir agus déanfar tagairt dó nuair a labhrann an múinteoir leo. Cuirfear in iúl chomh maith dóibh, maidir le dea-nósanna a chothú sa dalta ó aois óg maidir le freastal ar scoil, agus is le linn an ama seo go gcothaítear dea-nósanna.
- Déanfar tuairisciú ar fhoirmeacha oifigiúla an TUSLA, ach sa chás go bhfuil buairt orainn, rachaidh muid i dteagbháil leis an EWO ar an bhfón/litir.
- Déanfar teagbháil le heagraíochtaí eile (idir catharnachta agus stáit) de réir mar is cuí chun tacaíocht a chur ar fáil do chlainne le deacrachtaí.

Cumarsáid le scoileanna/soláthróirí oideachais eile

- Straitéisí don neamhfhreastal
(Ní mór don scoil an tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas i scríbhinn faoi leanbh atá ar fionraí nó curtha amach as an scoil ar feadh 6 lá nó níos mó, faoi leanbh a chaill 20 lá nó níos mó sa scoilbhliain, faoi thinreamh neamhrialta agus faoi leanbh a baineadh de chlár na scoile)
- Nósanna imeachta maidir le baint dalta ón gClár/Aistriú ó scoil eile
Ní féidir le príomhoide ainm dalta a bhaint de chlár scoile ach amháin nuair a chuirtear é/í ar an eolas go bhfuil an leanbh cláraithe i scoil eile nó nuair a chuireann an Bord Leasa ar an eolas é/í go bhfuil an leanbh cláraithe ag an mBord mar leanbh atá ag fáil oideachais lasmuigh den scoil.
- Aistriú chuig scoil eile: Nuair a thógann tuismitheoirí leanbh amach as scoil, tá sé de dhualgas ar an bpríomhoide teastas a thabhairt do na tuismitheoirí agus don scoil nua a luann tinreamh agus neamhláithreachtaí an linbh sa scoil, an rang deireanach a d’fhreastail an leanbh air agus aon fhaisnéis chuí eile a bhaineann le hoideachas an linbh.

Tuarascáil Bhliantúil

- Cuirfidh an bord an tOifigeach Leasa Oideachais ar an eolas faoi leibhéal tinrimh na scoile do gach scoilbhliain ar na foirmeacha cuí ag na hamanta cuí le na scoilbhliain.

Critéir Rathúlachta

- Tá freagrachtaí áirithe ar an múinteoir ranga trí a chinntiú go bhfuil sé/sí ag cloí le polasaí na scoile, tríd an tuairisciú cuí a dhéanamh agus labhairt leis an bpríomhoide nuair is cuí.
- Tá dualgas ar n bpríomhoide a chinntiú go bhfuil an tuairisciú cuí á dhéanamh chuig an TUSLA agus eile, más ann dóibh, cruinnithe a reachtáil le tuistí nuair is gá.
- Tá dualgas ar thuismitheoirí tuairisciú don scoil nuair atá daltaí as láthair agus a bheith ag spreagadh dea-chleachtais ina gcuid páistí maidir le tinreamh ar scoil.
- Tá dualgas ar leanaí an scoile a bheith ag freastal ar scoil ar bhonn rialta.

Róil agus Freagrachtaí

Beidh freagrachtaí áirithe orthu seo a leanas as gnéithe den ráiteas:

- *An Príomhoide – tuairisciú, cruinnithe a reachtáil, tuistí nua a chur ar an eolas maidir le polasaí n ascoile*
- *An Múinteoir ranga – cruinnithe leis na tuistí, faire ar thinreamh na ndaltaí ina gcuid ranga, tuairisciú don phríomhoide nuair is gá*
- *Tuismitheoirí – féach thuas*
- *Daltaí-féach thuas*
- *An tOifigeach Leasa Oideachais – dualgas reathúil*

Dáta don chur i bhfeidhm

Beidh an polasaí seo i bhfeidhm ó Shamhain 2013.

Clár ama don Athbhreithniú

Déanfar aithbhreithniú ar an bpolasaí seo i 2016, nó roimhe sin más gá.

Daingniú & Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an ráiteas go hoifigiúil ag Cruinniú Boird ar an 27/4/09. Cuirfear cóip amach chuig na tuistí ina dhiaidh.

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta leagan leasaithe den pholasaí seo ag Cruinniú Boird ar an 25/11/2013.

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an leagan seo den pholasaí ag Cruinniú Boird ar an 24/10/16.

Beidh cóip de seo ar shuíomh idirlín na scoile agus cuirfear ar fáil do thuistí é.

Siniú an Chathaoirligh: _____

Dáta: _____

TAGAIRTÍ (TINREAMH)

¹ Solas (Márta 2001)

Ceanglófar ar scoileanna ráiteas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Leasa Oideachais a leagann amach na straitéisí agus na beartais a bhfuil sí ag iarraidh glacadh leo le spéis san fhoghlaím a chothú i measc na ndaltaí agus le freastal rialta ar an scoil a spreagadh. Áireofar ar na straitéisí sin luach saothair a thabhairt do dhaltaí le taifid tinrimh mhaithe agus daltaí a bhféadfadh fadhbanna a bheith acu le tinreamh scoile a aithint go luath.

Táthar ag tnúth le treoirlínte breise ón mBord Leasa Oideachais (nuair a bheidh siad bunaithe).

¹ An tAcht Oideachais (Leas) 2000

18. —I gcás ina mbeidh leanbh as láthair ón scoil ina bhfuil sé nó sí cláraithe ar feadh cuid de lá scoile nó ar feadh lae scoile nó níos mó ná lá scoile, cuirfidh tuismitheoir an linbh sin na cúiseanna go bhfuil an leanbh as láthair in iúl do phríomhoide na scoile, de réir na nósanna imeachta a bheidh sonraithe sa chód iompair a bheidh ullmhaithe ag an scoil faoi alt 23 .

20. —(1) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo, a chur faoi deara clár de na mic léinn go léir a fhreastalaíonn ar an scoil sin a bhunú agus a chothabháil.

(2) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, an lá a fhreastalóidh an leanbh ar an scoil sin den chéad uair, ainm an linbh, an dáta a fhreastalaíonn sé nó sí amhlaidh den chéad uair agus cibé sonraí eile a fhorordóidh an tAire a thaifeadadh sa chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith na scoile sin agus measfar, chun críocha an Aichta seo, an leanbh lena mbaineann a bheith cláraithe sa scoil sin amhail ar an agus ón dáta sin.

(3) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, a luaithe is féidir tar éis ainm linbh atá cláraithe i scoil aitheanta eile a chlárú sa chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith na chéad scoile a luaitear, an méid sin a chur in iúl, trí fhógra i scríbhinn, do phríomhoide an dara scoil a luaitear.

(4) Déanfaidh príomhoide an dara scoil a luaitear agus dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, ar fhógra faoin bhfo-alt sin a fháil, ainm an linbh lena mbaineann a bhaint den chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith an dara scoil sin a luaitear ach amháin i gcás ina leanfaidh an leanbh de bheith ag fáil cuid dá oideachas nó dá hoideachas sa scoil sin.

(5) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, ar fhógra faoi *fho-alt (3)* a fháil i leith linbh, na nithe seo a leanas a chur in iúl do phríomhoide na chéad scoile a luaitear san fho-alt sin—

(a) aon fhadhbanna i ndáil le freastal scoile a bhí ag an leanbh lena mbaineann le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an dara scoil a luaitear agus dá dtagraítear ann, nó

(b) cibé nithe eile is cuí leis nó léi i ndáil le dul chun cinn oideachasúil an linbh.

(6) Ní bhainfidh príomhoide scoile aitheanta ainm linbh den chlár seachas—

(a) de réir *fho-alt (4)*, nó

(b) i gcás ina mbeidh fógra i scríbhinn faighte aige nó aici ón mBord á rá go bhfuil an leanbh lena mbaineann cláraithe sa chlár a bheidh á chothabháil faoi alt 14 .

21. —(1) Cuirfidh príomhoide scoile aitheanta faoi deara go ndéanfar taifead ar fhreastal nó ar neamhfhreastal, gach lá scoile, ag gach mac léinn atá cláraithe sa scoil, a chothabháil i leith gach scoilbhliana.

(2) Sonrófar an méid seo a leanas i dtaifead a chothabhálfar faoi *fho-alt (1)*, is é sin le rá:

(a) i gcás ina bhfreastalóidh mac léinn ar an scoil lena mbaineann ar lá scoile, gur fhreastail sé nó sí amhlaidh, nó

(b) i gcás ina mainneoidh mac léinn freastal amhlaidh, gur mhainnigh sé nó sí amhlaidh agus na cúiseanna a bhí leis an mainneachtain sin.

(3) Déanfar taifead a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis a chothabháil sa scoil aitheanta lena mbaineann agus beidh sé i cibé foirm a shonróidh an Bord.

(4) Más rud é—

(a) go gcuirfear mac léinn ar fionraí ó scoil aitheanta ar feadh tréimhse nach giorra ná 6 lá,

(b) nach lú ná 20 líon comhiomlán na laethanta scoile ar a mbeidh mac léinn as láthair ó scoil aitheanta le linn scoilbhliana,

(c) go ndéanfaidh príomhoide na scoile lena mbaineann, ar chúis ar bith, ainm mic léinn a bhaint den chlár dá dtagraítear in alt 20 ,

(d) nach bhfuil mac léinn, i dtuairim phríomhoide na scoile aitheanta ina bhfuil sé nó sí cláraithe, ag freastal ar scoil go rialta,

cuirfidh príomhoide na scoile lena mbaineann an méid sin in iúl láithreach, trí fhógra i scríbhinn, d'oifigeach leasa oideachais.

(5) Ar fhógra faoi *fho-alt (4)* a fháil, déanfaidh oifigeach leasa oideachais an méid seo a leanas—

(a) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an mac léinn lena mbaineann, lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí, leis an bpríomhoide agus le cibé daoine eile is cuí leis nó léi, agus

(b) déanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go ndéanfar foráil le haghaidh oideachas leantach an linbh agus le haghaidh rannpháirtíocht iomlán an linbh ar scoil.

(6) Déanfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis dheireadh gach scoilbhliana, tuarascáil a chur faoina mbráid seo a leanas—

(a) an t-oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna faoin Acht seo i ndáil leis an scoil sin sannta dó nó di, agus

(b) cumann tuismitheoirí na scoile aitheanta lena mbaineann arna bhunú faoi alt 26 d'Acht 1998 (i gcás inar bunaíodh amhlaidh é),

maidir leis na leibhéil freastail ar an scoil sin le linn na scoilbhliana díreach roimhe sin.

(7) Beidh tuarascáil faoi *fho-alt* (6) i cibé foirm, agus comhlíonfaidh sí cibé ceanglais, a chinneadh an Bord.

(8) Féadfaidh oifigeach leasa oideachais, le linn aon lá scoile, dul isteach i scoil aitheanta agus an clár a bheidh á chothabháil sa scoil sin faoi alt 20 nó taifead a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis a iniúchadh, agus cóipeanna a dhéanamh de shleachta as an gclár nó as an taifead sin.

(9) Chun críocha an ailt seo measfar nach bhfuil mac léinn as láthair ón scoil i gcás ina bhfuil aon tréimhse asláithreachta údaraithe ag an bpríomhoide agus go mbaineann sí le gníomhaíochtaí a bheidh eagraithe ag an scoil nó a bhfuil baint ag an scoil leo.

_ 22. —(1) Déanfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, tar éis dul i gcomhairle le príomhoide na scoile sin, leis na múinteoirí atá ag múineadh inti, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe inti, agus leis an oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna i ndáil léi sannta dó nó di, ráiteas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis na straitéisí agus leis na bearta a bheartaíonn sé a ghlacadh chun meas ar an bhfoghlaim a chothú i measc mac léinn atá ag freastal ar an scoil sin agus chun freastal rialta ar scoil ar thaobh na mac léinn sin a spreagadh (dá ngairtear “ráiteas straitéise” ina dhiaidh seo san alt seo).

(2) Gan dochar do ghinearálacht *fho-alt* (1), déanfar foráil i ráiteas straitéise maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) luaíocht a thabhairt do mhic léinn a bhfuil taifid freastail scoile maithe acu;

(b) mic léinn a bhfuil an baol ann go bhforbróidh fadhbanna freastail scoile iontu a aithint go luath;

(c) teagmhálacha níos dlúithe a bhunú idir an scoil lena mbaineann agus teaghlaigh mac léinn a bhfuil feidhm ag *mír* (b) maidir leo;

(d) an scoil do chothú, do chur chun cinn agus do bhunú teagmhálacha—

(i) le scoileanna eile a chuireann bunoidéachas nó iarbunoidéachas ar fáil,

(ii) le comhlachtaí a bhíonn ag gabháil do chlár oibre don aos óg nó do sheirbhísí a bhaineann leo sin a chur ar fáil, nó a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí spóirt nó cultúir a eagrú, agus

(iii) le cibé comhlachtaí eile is cuí leis an mbord bainistíochta agus atá laistigh den limistéar ina bhfuil an scoil lena mbaineann suite;

(e) a mhéid is indéanta, clár ghníomhaíochtaí a fhorbairt, tar éis dul i dteagmháil leis na comhlachtaí dá dtagraítear i *mír* (d), ar clár iad a bheidh ceaptha chun rannpháirtíocht iomlán mac léinn i saol na scoile a spreagadh;

(f) a mhéid is indéanta, clár a chomhordú le scoileanna eile, ar clár iad arb aidhm dóibh dea-iompar a chur chun cinn i measc mac léinn agus freastal rialta ar scoil ag mic léinn a spreagadh, agus faisnéis i ndáil le nithe a bhaineann le hiompar agus le freastal scoile a mhalartú leis na scoileanna sin;

(g) na nithe seo a leanas a aithint—

(i) gnéithe d'oibriú agus de bhainistíocht na scoile agus de mhúineadh an churaclaim scoile a d'fhéadfadh cur le fadhbanna a bhaineann le freastal scoile ar thaobh mac léinn áirithe, agus

(ii) straitéisí—

(I) chun deireadh a chur leis na gnéithe sin a mhéid nach bhfuil siad riachtanach ná fóirsteanach chun an scoil a reáchtáil go cuí agus go héifeachtach ag féachaint, go háirithe, do riachtanais oideachais mac léinn, agus

(II) a spreagfaidh freastal níos rialta ar scoil ar thaobh na mac léinn sin.

(3) Beidh aird ag bord bainistíochta scoile aitheanta, le linn dó ráiteas straitéise a ullmhú, ar cibé treoirlínte a eiseoidh an Bord maidir le ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur in éifeacht.

(4) Maidir le ráiteas straitéise a bheidh ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Bhoird ag bord bainistíochta scoile aitheanta de réir *fho-alt (1)*, déanfaidh an bord bainistíochta sin é a chur i gcrích de réir a théarmaí.

(5) Féadfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, le toiliú an Aire, agus d'fhonn éifeacht a thabhairt do ráiteas straitéise a bheidh ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Bhoird aige de réir an ailt seo, cibé múinteoirí agus cibé líon múinteoirí atá fostaithe aige, agus is cuí leis, a cheapadh chun idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe sa scoil lena mbaineann agus chun cibé cabhair is cuí leis an mbord bainistíochta lena mbaineann a thabhairt do theaghlaigh na mac léinn sin.

(6) Féadfaidh dhá bhord bainistíochta, nó níos mó, de chuid scoileanna aitheanta, más cuí leo, cur i gcrích na ráiteas straitéise a bheidh ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Bhoird acu, de réir *fho-alt (1)*, a chomhordú agus comhoibriú lena chéile chun é sin a dhéanamh.

(7) Eiseoidh an Bord treoirlínte chuig boird bhainistíochta scoileanna aitheanta chun críocha an ailt seo.

(8) Déanfar an ráiteas straitéise a bheidh ullmhaithe ag bord bainistíochta scoile aitheanta a áireamh sa phlean a ullmhóidh sé faoi alt 21 d'Acht 1998.

23. —(1) Déanfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, tar éis dul i gcomhairle le príomhoide na scoile sin, leis na múinteoirí atá ag múineadh inti, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe inti, agus leis an oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna i ndáil léi sannta dó nó di, cód iompair i leith na mac léinn atá cláraithe sa scoil (dá ngairtear “cóid iompair” ina dhiaidh seo san alt seo) a ullmhú de réir *fho-alt (2)*.

(2) Sonrófar na nithe seo a leanas i gcód iompair—

(a) na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil;

(b) na bearta a fhéadfar a dhéanamh nuair a mhainneoidh nó nuair a dhiúltóidh mac léinn na caighdeáin sin a urramú;

(c) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil lena mbaineann;

(d) na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn; agus

(e) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil le fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.

(3) Ullmhófar cód iompair de réir cibé treoirlínte a eiseoidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle le cumainn náisiúnta tuismitheoirí, le heagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus le ceardchumainn agus comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí.

(4) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, sula gcláróidh sé nó sí leanbh mar mhac léinn sa scoil sin de réir *alt 20*, cóip den chód iompair i leith na scoile a chur ar fáil do tuismitheoirí an linbh sin agus féadfaidh sé nó sí, mar choinníoll a ghabhann leis an leanbh sin a chlárú amhlaidh, a cheangal ar a tuismitheoirí nó ar a tuismitheoirí a dhaingniú i scríbhinn go bhfuil an cód iompair

a chuirtear ar fáil amhlaidh inghlactha acu agus go ndéanfaidh siad gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an leanbh an cód sin.

(5) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, ar mhac léinn atá cláraithe sa scoil nó ar thuismitheoir mic léinn den sórt sin iarraidh a dhéanamh, cóip den chód iompair i leith na scoile lena mbaineann a chur ar fáil don mhac léinn nó don thuismitheoir, de réir mar a bheidh.

An tAcht Oideachais, 1998

15. (2) FEIDHMEANNA BOIRD

(c) rachaidh sé i gcomhairle leis an bpátrún agus coinneoidh sé ar an eolas é nó í maidir le cinntí agus tograí de chuid an bhoird,

(d) foilseoidh sé, i cibé modh is dóigh leis an mbord, le comhaontú an phátrúin, a bheith cuí, beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil, lena n-áirítear beartas na scoile i ndáil le mic léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag thuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na thuismitheoirí agus go gcomhlíonfar cibé ordacháin a dhéanfaidh an tAire ó am go ham, ag féachaint do spiorad saineúil na scoile agus do chearta bunreachtúla gach duine lena mbaineann,

Eolas Breise

- An tAcht Oideachais (Leas) 2000
 - “Empty Desks” 2000, Michael Finneran: An tAonad um Fhorbairt an Churaclaim, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
 - Leabhrán ceisteanna agus freagraí an INTO Q&A ar an Acht Oideachais agus an Acht Oideachais (Leas)
 - Ciorclán 20/90 ar Dhisciplín (láithreán gréasáin na ROE www.irlgov.ie/educ). Mar aguisín i Lámhleabhar CPSMA freisin
 - Ciorclán 22/02 Nósanna Imeachta Achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998. (láithreán gréasáin ROE) Déileáilann sé le hachomhairc faoi na teidil seo a leanas:
 - (1) Cur amach buan as an scoil
 - (2) Fionraíocht
 - (3) Diúltú do chlárú
 - An tAcht Oideachais, 1998, Alt 15 (2(d)) (Láithreán gréasáin ROE)
 - An tAcht Oideachais (Leas) 2000, Alt 23 (1-5). 24 (1-5) (Láithreán gréasáin ROE)
 - Lámhleabhar Bhaill an Bhoird Bhainistíochta (CPSMA) Leasaithe 2007. CPSMA.
 - (1) Treoirínte maidir le hlompraíocht agus Disciplín Scoile.
 - (2) Cód Iompraíochta & Disciplín molta do Scoileanna Náisiúnta
- *Bain úsáid as na tagairtí sin go dtí go n-eisíonn an Bord Leasa Oideachais treoirínte nua
- Treoirínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar Chur in Aghaidh na hlompraíochta Bulaíochta i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (1993), ar fáil ar láithreán gréasáin na ROE
 - Tuairisc don Aire Oideachais, Niamh Breathnach, T.D., ar Dhisciplín i Scoileanna. Maeve Martin, Earrach 1997. Caib. 4 lch 56-61 Moltaí do Scoileanna
 - Disciplín sa Bhunscoil INTO Lúnasa 2002
 - Féinmhuinín a Chothú INTO 1995
 - An tAcht Oideachais 1998, An tAcht Oideachais (Leas) 2000. Ceisteanna agus Freagraí INTO.
 - The Principal’s Legal Handbook Oliver Mahon B.L. IVEA 2002 Caib. 2 School Discipline
 - Quality Circle Time in the primary school. Jenny Mosley. LDA 2000
 - Freagairt don Bhulaíocht: Na Chéad Céimeanna do Múinteoirí. An Clár Cool School. Bord Sláinte an Oirthuaiscirt
 - Bulaíocht i Scoileanna a Iniúchadh agus a Réiteach. An Clár Cool School. Bord Sláinte an Oirthuaiscirt
 - Stop é! Céimeanna le hAghaidh a Thabhairt ar an mBulaíocht. Líonra Oideachais Loch Garman. Comhpháirtíocht Cheantar Loch Garman Guthán: 053 23994
 - Na Cláir Aireachais agus Walk Tall
 - Plean OSPS na scoile féin
 - An tAonad Frith-Bhulaíochta. Coláiste na Tríonóide. An Dochtúir Mona O Moore.
 - Láithreán gréasáin NPC www.npc.ie
 - Láithreán gréasáin IPPN www.ippn.ie
 - Láithreán gréasáin INTO www.into.ie
 - Láithreán gréasáin SDPS www.sdps.ie